

Fáilte an Ardfheidhmeannaigh	2
Ceiliúradh na Scoileanna Lán-Ghaeilge	4
Rialacha Seasta Gaelscoileanna Teo.	6
Ainmniúcháin na nOifigeach	7
Ainmniúcháin na nGnáthstiúrthóirí	8
Rúin Chruinniú Cinn Bhliana Gaelscoileanna Teo. 2015	9
Tuairisc ar Obair na hEagraíochta	12
Tuairisc an Rúnaí	21
Dréacht-mhiontuairiscí ó Chruinniú Cinn Bhliana 2014	23
Ráitis Airgeadais 2014	25



A Chairde,

Cuirim fáilte ó chroí romhaibh chuig Comhdháil Oideachais 2015 Gaelscoileanna Teo, dar téama **Forás Feasa, Saothrú chun Feabhais**, téama a léiríonn an turas atá ar bun agus an bóthar

atá romhainn mar eagraíocht, mar earnáil Ghaeilge agus mar fhoras aonair oideachais. Tá sé de phribhléid againn fáilte a chur roimh an Ollamh Muiris Ó Laoire, a ghlac go fonnmar lenár gcuireadh a bheith in bhur measc chun aoichaint na Comhdhála a thabhairt. Roinnfidh an tOllamh Ó Laoire a chuid saineolais linn go fiail flaithiúil ar bhuanna agus dúshláin an oideachais lán-Ghaeilge, réimse atá ina dhíol spéise dúinn uile, beag beann ar an leibhéal nó an fearann tíreolaíochta lena mbaineann muid.

Cuirim fáilte Uí Cheallaigh roimh bhaill na naíonraí agus na scoileanna lán-Ghaeilge uile ó gach cearn den tír, ón nGaeltacht agus lasmuigh di, ón deisceart agus ón tuaisceart, ag an gComhdháil seo. Táimid an-sásta go bhfuil an deis againn an Chomhdháil Oideachais náisiúnta seo a reáchtáil agus a fhorbairt gach bliain chun freastal ar shainriachtanas na bhforas tumoideachais lán-Ghaeilge mar phobal ar leith mar aon leis an deis a sholáthar dóibh tógáil ar an gcomhoibriú agus comhroinnt dea-chleachtais eatarthu.

Cuirfimid fáilte ar leith roimh phríomhoidí nua san earnáil, mar aon le stiúrtóirí naíonraí. Is mian liom an deis a thapú gach tacaíocht ón eagraíocht a chur ar fáil daoibh sna róil nua.

Tá an eagraíocht i ndiaidh bliain a chaitheamh anois, ó bhí Comhdháil 2014 ann, ag forbairt struchtúir, cur chuige agus cleachtas nua le dul i ngleic go héifeachtach le róil nua na heagraíochta san ollréimse **Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge**. Leis an stádas nua atá ag an eagraíocht mar cheanneagraíocht sa réimse seo, tá athrú suntasach tagtha ar ár gcuid feidhmeanna, agus cúraimí nua orainn dá réir. Táimid ag forbairt agus ag leathnú ár gcuid saineolais sna réimsí nua, agus ag an am céanna ag fanacht dlíis dár mbaill reatha agus ag cinntiú go bhfuilimid ag forbairt na gcleachtas le freastal níos éifeachtaí ar a gcuid riachtanas. Is mór an cúnamh é go bhfuilimid ar deireadh in ann a fhógairt go bhfuil an 9 bpost atá ag an eagraíocht nach mór líonta agus

go bhfuil foireann bhreá chumasach agus díograiseach ar fáil mar chrann taca do na naonraí, scoileanna agus a gcuid pobal.

Tá an próiseas pleanála idir lámha go fóill, agus an eagraíocht i mbun próisis a éascóidh ionadaíocht chuí a bheith san eagraíocht de réimsí oibre uile na heagraíochta, ag leibhéal na naíonraí lasmuigh den Gaeltacht, agus na scoileanna laistigh agus lasmuigh den Gaeltacht. Lárnach sa chlár oibre is ea an comhairliúchán forleathan atá ar bun leis na scoileanna agus naíonraí chun tuairimí a bhailiú faoi riachtanas na bpobal faoi seach agus faoi na bealaí is éifeachtaí le hionadaíocht chuí a chinntiú. Leis an iomlánú ar an allúntas foirne, beidh sé ina sprioc thábhachtach an comhéadan a neartú idir na pobail faoi seach agus an eagraíocht.

Bliain shuntasach a bhí ann do scoileanna agus pobail Gaeltachta leis an athbhreithniú cuimsitheach atá ar bun ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an oideachas Gaeltachta. Is mian linn an deis a thapú buíochas a ghabháil leis na scoileanna Gaeltachta a bhí rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin a chuir an eagraíocht sa tsiúl le tacú le próiseas na Roinne agus le deis a thabhairt do na scoileanna a gcuid tuairimí a bheachtú agus a léiriú. Ba mhór an chabhair í an cur chuige comhlántach seo. Beimid ag súil go mór le toradh an phróisis agus foilsíú an pholasaí oideachais Gaeltachta, ach na scoileanna agus a gcuid pobail a bheith sásta gur léiriú cruinn a bheidh ann ar a gcuid riachtanas. Beidh ról lárnach ag Gaelscoileanna Teo. i bhfeidhmiú na moltaí agus beimid ag súil go mór le bheith ag obair i gcomhar leis na pobail Gaeltachta chun na críche sin. Is mór an cúnamh é go bhfuil beirt foirne anois againn a bhfuil a gclár oibre dírithe go príomha ar riachtanas na scoileanna Gaeltachta. Táimid an-bhuíoch d'Fhoras na Gaeilge a d'aithin an riachtanas seo trí mhaoiniú a cheadú dúinn ina leith.

Is cúis áthais dúinn a bheith in ann tógáil ar an gComhdháil seo go céimiúil gach bliain, agus i mbliana cuirfimid fáilte ar leith roimh ár mbaill nua agus roimh na pobail uile ó na Gaeltachtaí uile mar aon le pobail na naíonraí. Tá an-áthas orm go bhfuil méadú freisin ar líon na scoileanna Gaeltachta atá ag clárú leis an eagraíocht agus ag léiriú spéise a bheith páirteach in imeachtaí na Comhdhála agus in obair na heagraíochta. Cuirimid fáilte mhór ó chroí roimh na pobail ar fad, idir sheanchairde agus chairde nua.

I measc spriocanna na Comhdhála seo áirítear éascaíocht a dhéanamh ar an malartú saineolais idir scoileanna, agus idir



taighdeoirí san earnáil. Tá sé i gceist ag an eagraíocht tús a chur le fóram nua tacaíochta do scoileanna trí próiseas a éascú do scoileanna laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht, páirtneirí a aimsiú agus tabhairt faoi mhalartú agus cuairteanna chun an comhroinnt dea-chleachtas a spreagadh.

Leanfar sa bhliain atá romhainn ag forbairt agus ag déanamh abhcóideachta thar ceann na scoileanna agus a gcuid pobal faoi seach ar na mórcheisteanna leanúnacha, ar a n-áirítear an córas nua a bhaineann leis an bpróiseas aitheantais bun scoileanna agus iarbun scoileanna nua; an painéal ath-iomlonnaithe; an riaráiste suntasach atá ann do sholáthar cóiríochta cuí do scoileanna atá i gcúinsí míshásúla le fada an lá, agus riachtanais speisialta oideachais sa chóras lán-Ghaeilge. Leagtar amach i dtuairisc oibre na heagraíochta don bhliain an dul chun cinn ar na ceisteanna seo agus go leor eile le bliain anuas. Fáiltimid i gcónaí roimh aiseolas agus moltaí i leith an

chlár oibre atá idir lámha agus á bheartú, rud ar féidir a chur faoinár mbráid mar rún comhdhála nó trí teagmháil a dhéanamh linn ag staid ar bith le linn na bliana.

Mo bhuíochas leis na scoileanna lán-Ghaeilge atá lonnaithe sa cheantar máguaird, agus leo siúd atá ag cabhrú linn chun a chinntiú go gcuirfear siamsaíocht, ealaín agus ceol álainn na bpáistí ar fáil dúinn ag an gComhdháil seo. Guímid gach rath ar gach naíonra agus ar gach scoil lán-Ghaeilge atá inár measc, agus ar ár gcairde nach raibh ar a gcumas a bheith linn.

Ag guí Comhdháil thairbheach agus taitneamhach oraibh go léir.

Bláthnaid ní Ghréacháin
Ardfheidhmeannach

Ceiliúradh na Scoileanna Lán-Ghaeilge

Ba mhaith le **Gaelscoileanna Teo.** aitheantas a thabhairt do na scoileanna thíosluaite atá ag ceiliúradh cloch mhíle i saol na scoile i mbliana. Comhghairdeas leo as gach a bhfuil bainte amach acu, agus guímid gach rath orthu sa toadhcháí.

Scoileanna nua sa bhliain 2015:

Gaelscoil na Laochra, Co. Uíbh Fháilí
Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, Co. Chorcaí
Gaelcholáiste Dhoire, Co. Dhoire

10 mbliana ar an bhfód:

Gaelscoil Eiscir Riada, Co. Átha Cliath
Gaelscoil Uí Earcáin, Baile Átha Cliath 11
Gaelscoil na Daróige, Co. Dhoire BT48 OND
Gaelscoil an tSlí Dála, Co. Laoise
Gaelscoil Liatroma, Co. Liatroma

20 bliain ag fás:

Bunscoil na mBráithre Críostaí, Co. Ard Mhacha
Gaelscoil Phádraig, Co. Átha Cliath
Gaelscoil Thaobh na Coille, Baile Átha Cliath 18
Gaelscoil Bhreifne, An Cabhán
Gaelscoil Chill Dara, Co. Chill Dara
Gaelscoil Dhroichead na Banndan, Co. Chorcaí
Gaelscoil Inis Córthaidh, Co. Loch Garman
Gaelscoil na Cruaiche, Co. Mhaigh Eo
Gaelscoil Eois, Co. Mhuineacháin
Gaelscoil Thiobraid Árann, Co. Thiobraid Árann
Gaelscoil Uí Néill, Co. Thír Eoghain

30 bliain faoi bhláth:

Coláiste Ghobnait, Co. na Gaillimhe
Scoil Chaitlín Maude, Baile Átha Cliath 24
Gaelscoil Charraig Uí Leighin, Co. Chorcaí
Gaelscoil na Dúglaise, Co. Chorcaí
Gaelscoil Thomáis Dáibhís, Co. Chorcaí
Gaelscoil Ó Doghair, Luimneach
Gaelscoil na Ríthe, Co. na Mí
Gaelscoil Philib Barún, Co. Phort Láirge

40 bliain faoi rath:

Scoil Chrónáin, Co. Átha Cliath
Scoil Oilibhéir, Baile Átha Cliath 15

60 bliain faoi shéan:

Coláiste Cholmcille, Co. na Gaillimhe

80 bliain d'aois:

Gairmscoil na bPíarsach, Co. na Gaillimhe
Coláiste Laurel Hill FCJ, Co. Luimnigh

370 bliain ar an saol:

Coláiste Iognáid, Co. na Gaillimhe





1. Rúin:

- 1.1 5 nóiméad ag an moltóir
3 nóiméad ag gach duine eile.
- 1.2 Glacfar le leasuithe agus cuirfear iad os comhair an chruinnithe ag tosú leis an gceann deiridh. Ní chuirfear leasú atá cealaithe ag leasú a cuireadh roimh ré. Ní mór leasuithe a bheith i scríbhinn. Ní féidir leasú atá contráilte go hiomlán leis an mbunrún a chur.
- 1.3 Má mholtar rún ní féidir é a tharraingt siar ach le cead an chruinnithe.

2. Is féidir na rialacha seasta a chur ar leataobh chun rún nach bhfuil ar an gclár a phlé, ach:

- 2.1 Dhá thrian a bheith i bhfabhar an rúin a phlé.
- 2.2 Móramh dhá dtrian ag teastáil le glacadh leis.

3. Toghchán don Bhoird Stiúrtha:

- 3.1 Roghnóidh baill an réigiúin atá i gceist ionadaí don réigiún sin.
- 3.2 Toghfar an tUachtarán agus na hOifigigh le móramh simplí ach 50% ar a laghad de na vótaí a chaitear a bheith ag iarrthóir.
- 3.3 Toghfar baill eile an Bhoird Stiúrtha trí chóras na vótála singile nó iolraí do-aistrithe.

Ainmniúcháin na nOifigeach 2015-2016

Ainm	Scoil lena mbaineann	Ainmnithe ag
Leas-Uachtarán Yvonne Ní Mhurchú	Gaelscoil Longfoirt	Gaelscoil Longfoirt agus Coláiste Pobail Osraí
Rúnaí Clodagh Ní Mhaoilchiaráin	Gaelscoil Bhaile Brigín	Gaelscoil Bhaile Brigín
Cisteoir Dealgan Ó Ciarubháin	Scoil Chaitríona	Gaelscoil Longfoirt agus Gaelscoil Thulach na nÓg
Oifigeach Caidrimh Phoiblí Seán Ó hArgáin	Gaelscoil Osraí	Coláiste Pobail Osraí

Ainmniúcháin na nGnáthstíúrthóirí 2015-2016

Ainm

Cormac Ó Tuairisg
Elaine Ní Shé
Emily Ní Challaráin
Fíona Uí Uigín
Naomi Ní Mhuiríosa
Seán Mag Oireachtaigh
Seán Ó Nuanáin
Sinéad Ní Shuilleabháin
TJ Ó Ceallaigh

Scoil lena mbaineann

Gaelscoil Bhaile Brigín
Gaelcholáiste Luimnigh
Scoil na Maighdine Muire gan Smál
Coláiste Íosagáin
Gaelcholáiste Luimnigh
Scoil Chairtriona
Gaelscoil Dhonncha Rua
Gaelcholáiste Luimnigh
Coláiste Mhuire Gan Smál

Ainmnithe ag

Scoil Éinne
Gaelcholáiste Luimnigh
Scoil na Maighdine Muire gan Smál
Coláiste Pobail Osraí
Gaelcholáiste Luimnigh
Coláiste Pobail Osraí
Coláiste Pobail Osraí
Gaelcholáiste Luimnigh
Gaelscoil Longfoirt



Oiliúnt do Mhúinteoirí Gaeltacha

Moltar go gcuirfear brú ar na hionaid oideachais agus ar an gComhairle Mhúinteoireachta céim agus oiliúint (modúil) a chur ar fáil do mhúinteoirí na Gaeltachta d'oideachas tosaigh bunmhúinteoireachta agus sa chlár ionductaithe.

Molta: Scoil na Maighdine Muire gan Smál

Teimpléid pleanála do mhúinteoirí nua-cháilithe

Moltar go gcuirfear brú ar an NIPT a thugann tacaíocht do mhúinteoirí nua-cháilithe na teimpléid pleanála a bheith le fáil sa Ghaeilge.

Molta: Scoil na Maighdine Muire gan Smál

Meantóireacht ar riachtanais na nGaeltachtaí

Moltar go mbeadh meantóireacht agus comhairle maidir le riachtanais na nGaeltachtaí (cainteoir dúchais agus foghlaimoirí sa rang céanna agus suíomh ilranganna ina measc) ar fáil chun tacú le múinteoirí nua-cháilithe Gaeltachta ó An Clár Náisiúnta Ionductaithe do Mhúinteoirí (NIPT).

Molta: Scoil na Maighdine Muire gan Smál

Tumoideachas

Éilítear ar Gaelscoileanna Teo. go gcuirfí brú ar na coláistí oiliúna d'ábhar oidí agus ar na seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí cáilithe níos mó oiliúna a chur ar fáil maidir le modheolaíochtaí agus dea-chleachtas a bhaineann le múineadh tríd an dara teanga.

Molta: Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo.

Liúntas Múinteoirí don Teagasc trí Ghaeilge

Moltar go mbeadh aitheantas tugtha do mhúinteoirí atá ag múineadh trí mheán na Gaeilge trí liúntas breise a chur ar fáil do na múinteoirí sin. Cáineann an Chomhdháil easpa tuisceana an Rialtais ar an ualach mór breise a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge i scoil lán-Ghaeilge, ualach a bhí aitheanta an chéad lá riamh tríd an liúntas seo a cheadú.

Molta: Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo.

Tacaíochtaí Teicneolaíochta do scoileanna lán-Ghaeilge

Éilítear ar na seirbhísí tacaíochta teicneolaíochta do scoileanna go mbeidh liúntas dreasachta ar fáil do mhúinteoirí ata ag iarraidh ibooks a chruthú trí Ghaeilge.

Molta: Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo.

Forbairt Ghairmiúil ag an iar-bhunleibhéal

Éilítear go mbeadh deiseanna forbartha gairmiúla cúí do mhúinteoirí atá ag múineadh trí mheán na Gaeilge ag an iar-bhunleibhéal agus go mbeadh saotharlann 'múineadh trí Ghaeilge' ar fáil do mhúinteoirí nua-cháilithe ar an gClár Ionductaithe do mhúinteoirí nua-cháilithe (NIPT).

Molta: Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo.

Córas uile na ROS trí Ghaeilge - POD/ PPOD

Éilítear ar an Roinn Oideachais agus Scileanna a leagan Gaeilge de POD agus P-POD a chur ar fáil láithreach do na gaelscoileanna, scoileanna Gaeltachta agus gaelcholáistí.

Molta: Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo.

Táille na gCúrsaí Gaeltachta d'ábhar oidí

Éilítear ar an Roinn Oideachais agus Scileanna athbhreithniú a dhéanamh ar an táille a ghearrtar ar chúrsaí Gaeltachta na n-ábhar oidí chun deis chothrom a thabhairt do gach mac léinn.

Molta: Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo.

Tacaíocht do Scoileanna Gaeltachta

Éilítear go gcuirfí tacaíochtaí cuí ar fáil do na scoileanna Gaeltachta freastal ar an bpobal trí áiseanna agus foireann ar ard chaighdeán a bheith ar fáil dóibh.

Molta: Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo.

Múinteoirí oilte le hardchaighdeán Gaeilge

Éilítear ar Gaelscoileanna Teo. dul i gcomhairle leis Roinn Oideachais agus Scileanna chomh maith leis na Coláistí oiliúna, ar bhonn práinne chun a chinntiú go mbeidh múinteoirí oilte le hardchaighdeán Gaeilge sna hábhair ar fad atá ar fáil do na scoileanna iarbhunleibhéil, go háirithe sna hábhair eolaíochta, matamaitice & teangacha iasachta.

Molta: Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo.

ETBI: saintacaíochtaí cuí agus deiseanna líonraithe

Éilítear dul i gcomhairle leis an ETBI chun a chinntiú go gcuirtear saintacaíochtaí cuí agus deiseanna líonraithe ar bhonn lárnach ar fáil do na scoileanna lán-Ghaeilge/Gaeltachta faoina gcúram.

Molta: Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo.

Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge

Iarrtar ar an Rialtas tuairisc a thabhairt maidir le dul chun cinn an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge atá anois aon cheathrú tríd a tréimhse feidhmithe.

Molta: Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo.

Painéal ath-iomlonnaithe do scoileanna lán-Ghaeilge

Éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfear painéal ath-iomlonnaithe do mhúinteoirí i scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge faoi gach pátrún i bhfeidhm láithreach.

Molta: Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo.

Airteagail Chomhlachais Athbheithnithe

Éilítear ar an gComhdháil seo glacadh leis na hAirteagail Chomhlachais athbheithnithe ag Gaelscoileanna Teo. chun leasa na heagraíochta.

Molta: Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo.

Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta

Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais agus Scileanna airgeadú cuí a dhéanamh ar na tacaíochtaí a bheidh de dhíth leis na Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta a chur i bhfeidhm ar bhonn buan.

Molta: Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo.

Acmhainní agus Soláthar Foirne

Éilítear go gcuirfí breis acmhainní agus soláthar foirne ar fáil do scoileanna beaga lán-Ghaeilge chun go mbeadh ar a gcumas raon leathan ábhar a bheith ar fáil do na scoláirí faoina gcúram.

Molta: Coláiste Pobail Osraí

Múnla do na hAonaid lán-Ghaeilge

Éilítear ar Gaelscoileanna Teo. dul i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, ar bhonn práinne chun a chinntiú go mbeadh múnla sásúil ar fáil do na hAonaid lán-Ghaeilge.

Molta: Coláiste Pobail Osraí

Tacaíocht d'Athruithe Curaclaim

Éilítear ar an Roinn Oideachais agus Scileanna tacaíocht chúí a chur ar fáil chun cabhair a thabhairt do mhúinteoirí áiseanna ar ardchaighdeán a chur le chéile agus a roinnt idir scoileanna i gcomhthéacs na n-athruithe curaclaim atá le teacht.

Molta: Coláiste Pobail Osraí

Feidhmeanna agus Róil Gaelscoileanna Teo. mar Cheanneagraíocht sa réimse Tumoideachais/Gaeloideachais agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge

Aithníonn an Chomhdháil seo an riachtanas a bhaineann le comhairliúchán forleathan le scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh agus laistigh den Ghaeltacht, mar aon le naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht chun críche próiseas pleanála cuimsitheach agus an eagraíocht ag forbairt agus ag pleanáil do na réimsí nua oibre, agus iarrann an Chomhdháil seo ar na scoileanna agus ar na páirtithe leasmhara uile páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas.

Molta: Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo.

Próiseas Pleanála Gaelscoileanna Teo. don réimse Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge

Leis an stádas nua atá ag an eagraíocht mar cheanneagraíocht sa réimse **Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge**, tá athrú suntasach tagtha ar ár gcuid feidhmeanna, agus cúraimí nua orainn dá réir. Áirítear ina measc tacaíocht agus abhcóideacht thar ceann bunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht, agus seirbhís tacaíochta do naíonraí taobh amuigh den Ghaeltacht, anuas ar thacaíocht agus abhcóideacht thar ceann bunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Tá an eagraíocht i mbun struchtúir, cur chuige agus cleachtas nua a fhorbairt ó 2014 le dul i ngleic go héifeachtach le ról nua na heagraíochta san ollréimse nua. Táimid ag forbairt agus ag leathnú ár gcuid saineolais sna réimsí nua, agus ag an am céanna ag forbairt go leanúnach na seirbhísí agus tionscadail a bhaineann le gnáthobair na heagraíochta. Lámach sa chlár oibre is ea an comhairliúchán forleathan atá ar bun leis na scoileanna agus naíonraí chun tuairimí a bhailiú faoi riachtanais na bpobal faoi seach agus faoi na bealaí is éifeachtaí le hionadaíocht chuí a chinntiú agus lenár gclár oibre a chur in oiriúint do na mór-riachtanais, a oiread agus is féidir. Tá sé i gceist againn mar chuid den struchtúr nua, struchtúr réigiúnach a fhorbairt a éascóidh rannpháirtíocht ag leibhéal na bpobal faoi seach mar aon leis an deis dea-chleachtas a chomhroinnt i measc na bpobal réigiúnach.

Gné lámach den chur chuige earnála is ea an cur chuige comhpháirtíochta idir na 6 cheanneagraíocht; is iad sin Cumann na bhFiann, Conradh na Gaeilge, Gael Linn, Oireachtas na Gaeilge, Glór na nGael agus Gaelscoileanna Teo. Is baill iad ceannasaithe na 6 cheanneagraíocht den Fhóram Comhpháirtíochta, atá ag obair i ndlúthchomhar lena chéile agus le Foras na Gaeilge ar mhaithe le planáil straitéiseach ar bhonn 32 chontae chun leas chur chun cinn na Gaeilge. Is trí chruinnithe rialta faoi chathaoirleacht an Fhorais a dhéantar obair an Fhórais, agus tá dul chun cinn ann ó thaobh sineirge a aimsiú agus comhthionscadail nua a fhorbairt a rachaidh chun leasa phobal na Gaeilge, pobail na naíonraí agus na scoileanna lán-Ghaeilge. Beidh cúpla tionscadal nua ar chlár oibre na heagraíochta do 2016 de bharr an chur chuige nua seo le ceanneagraíochtaí eile a bheidh fiúntach do na naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge.

Feidhmeanna Gaelscoileanna Teo. i réimse an Luathoideachais

Is trí mhaoiniú na heagraíochta a fhaightear ó Foras na Gaeilge a chuireann Gaelscoileanna Teo. seirbhísí tacaíochta ar fáil do naíonraí, lasmuigh den Ghaeltacht. Tá teorann le hacmhainneacht na heagraíochta seirbhís chuimsitheach a chur ar fáil go dtí go méadófar ar bhuiséad na heagraíochta ina leith. Tá plé leanúnach ar bun leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le cúrsaí maoinithe, a bhíodh ar fáil roimhe seo d'Fhorbairt Naíonraí Teoranta. Tá cás curtha faoi bhráid na Roinne i leith maoinithe do shainchomhairleoirí luathbhlianta mar aon le maoiniú i dtreo clár oiliúna cuí ar shainriachtanais na naíonraí agus tacaíochtaí riachtanacha eile trí Ghaeilge. Is í an eagraíocht Na Naíonraí Gaelacha atá ionadaíoch ar na naíonraí, agus a bhfuil na naíonraí cláraithe léi mar bhaill.

Thug baill foirne na heagraíochta cuairt ar 120 naíonra le bliain anuas mar chuid den phróiseas comhairliúcháin idir lámha. Fuarthas aiseolas an-luachmhar ó na cuairteanna agus méadaíodh an teagmháil idir an eagraíocht agus na naíonraí dá bharr.

I measc na seirbhísí tacaíochta atá forbartha agus idir lámha áirítear:-

- Ábhar bolscaireachta
- Acmhainní ar líne: www.gaelscoileanna.ie agus ar na meáin shóisialta
- Ceardlanna Aistear agus Síolta
- Ceardlanna margaíochta
- Ceardlanna tumoideachais
- Comhthionscadail le hEagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí
- Cuairteanna comhairliúcháin
- Grúpscéim árachais
- Leabhair rolla agus timpiste
- Leagan dátheangach de An Traein
- Nuachtlitir ar leith do naíonraí
- Painéal d'ionadaithe don naíonra
- Scéim Le Chéile Trí Ghaeilge le gréasáin a chothú idir na forais tumoideachais agus na pobail ina bhfuil siad ag feidhmiú
- Scéim tacaíochta do choistí bunaithe agus do naíonraí nua
- Scéim Tacaíochta Teanga do Stiúrthóirí Naíonra, le cúnamh a thabhairt do stiúrthóirí naíonra gur mian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge

- Seirbhís eolais agus tacaíochta don phobal
- Treoirleabhar maidir le forbairt phobal an naíonra

Seoladh taighde a choimisiúnaigh Foras na Gaeilge ar riachtanais forbartha na naíonraí ag Comhdháil na Naíonraí Gaelacha mí Dheireadh Fómhair. Is í an Dr. Máire Mhí Mhathúna, ITBÁC, a rinne an taighde agus tá sé i gceist go ndéanfaí iniúchadh ar mholtaí an taighde, agus é a chur ar fáil ag deireadh na bliana, chun críche struchtúir tacaíochta a aithint agus plean gníomhaíochta a bhunú air, de réir acmhainní a bheidh ar fáil chuige.

Feidhmeanna Gaelscoileanna Teo. sa Ghaeltacht

Comhairliúchán ar an Athbheithniú ar Oideachas Gaeltachta

Tréimhse chriticiúil is ea an tréimhse seo i dtodhchaí an oideachais Gaeltachta leis an athbheithniú atá ar bun ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an oideachas Gaeltachta. Mar chuid de phróiseas comhairliúcháin le scoileanna, reáchtáil Gaelscoileanna Teo. seimineár lae mí Bealtaine seo caite i nGaillimh do gach ceann de na Gaeltachtaí chun anailís agus plé a dhéanamh ar na moltaí. Is mian linn an deis a thapú buíochas a ghabháil leis na scoileanna Gaeltachta a bhí rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin linn. Tá an eagraíocht ag plé go gníomhach leis an ROS agus an comhairliúchán fós sa tsúil. Beidh ról lárnach ag Gaelscoileanna Teo. i bhfeidhmiú na moltaí agus beimid ag súil go mór le bheith ag obair i gcomhar leis na pobail Gaeltachta chun na críche sin.

Cuairteanna comhairliúcháin scoile

Tá cuairteanna tugtha ag an bhfoireann ar 36 scoil Ghaeltachta mar chuid den chomhairliúchán leo faoi obair na heagraíochta. Tá anailís á déanamh ar na dúshláin agus na riachtanais atá á léiriú ag na scoileanna, agus déanfar gach iarracht freastal orthu trí acmhainní na heagraíochta agus i gcomhar le heagrais chuí eile.

I measc na bpríomhábhar imní, áirítear:

- Acmhainní teagaisc feiliúnacha le freastal ar chumais agus cúlraí teangeolaíochta éagsúla;
- Conas freastal go cúí ar an gcainteoir dúchais;
- Conas teagasc idirdhealaitheach a chur i bhfeidhm a fhreastalaíonn ar gach riachtanas;
- Dúshláin ag cur na Gaeilge chun cinn mar theanga chlóis;
- Dúshláin na scoileanna beaga agus múinteoirí éagsúla ag teacht isteach chucu (múinteoirí acmhainne, tacaíochta, drámaíochta, ceoil, damhsa, srl.);
- Easpa seirbhísí trí Ghaeilge do pháistí le riachtanais speisialta;
- Feidhmiú an luath-thumoideachais sna hilranganna;
- Go bhfuil an scoilbhliain do na cúntóirí teanga ró-ghairid i gcomparáid leis an mbliain scoile;
- Gur riachtanas é go mbeidh deiseanna oiliúna ann do na cúntóirí teanga.



Tá Gaelscoileanna Teo. ag plé le fiosrúcháin maidir le naíonraí nua a bhunú go leanúnach, agus ag cur comhairle agus cúnamh ar fáil d'fhiontraithe agus coistí pobail gur mian leo tabhairt faoi.

Bhí plé rialta ag Gaelscoileanna Teo. leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcaitheamh na bliana go háirithe maidir le ró-éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge agus na ceantair nach bhfuil soláthar lán-Ghaeilge iontu, toil na scoileanna lán-Ghaeilge reatha fás le freastal ar éileamh, chomh maith le staid chóiríochta na scoileanna reatha mar réiteach ar ghanntanas soláthair. Leanfar leis an idirphlé leis an Roinn chun a chinntiú go ndéanfar soláthar cuí don oideachas lán-Ghaeilge agus go mbeidh éileamh air aitheanta mar chritéar lárnach ag an Roinn do bhunú scoileanna nua sa todhcháí ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Tá an eagraíocht ag plé go leanúnach le tuismitheoirí i gceantair nach bhfuil aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le haghaidh soláthar nua ach a bhfuil éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge iontu. Cabhraíonn an eagraíocht leo a gcuid feachtas a phoibliú go háitiúil agus sna meáin agus tugtar treoir dóibh maidir le plé leis an Roinn chun teacht ar chomhréiteach i leith soláthar oideachas lán-Ghaeilge i gceantair nach ceantair fáis iad.

Feachtais Feasachta ar an Oideachas Lán-Ghaeilge

Tá cur chuige comhoibritheach idir Gaelscoileanna Teo. agus Conradh na Gaeilge le feachtais poiblíochta agus feasachta na heagraíochta a chur chun cinn. Díriodh i mbliana ar na ceantair ina bhfuil soláthar nua de dhíth, agus ar phleananna fadtéarmacha do cheantair Bhaile Longfoirt agus an Cabhán.

Naíonraí Nua

Tá na hOifigigh Forbartha ag plé go leanúnach leis na seirbhísí naíonraí a d'oscail i 2015:

- An Naíonra Funbugs, Co. Chill Dara
- An Naíonra Toddle Inn, Corcaigh
- Deirdre's Montessori Naíonra, Corcaigh
- Little All Stars, Co. na Gaillimhe
- Naíonra Chaladh an Treoigh, Luimneach
- Naíonra Ghaelscoil de hÍde, Co. na Gaillimhe
- Naíonra Helga, BÁC
- The Nest (Cionn Sáile), BÁC
- The Nest (Droim Conrach), BÁC

Tá seirbhís tacaíochta á cur ar fáil do 10 seirbhís/fiontraí eile maidir le seirbhísí nua a oscailt sa bhliain 2016.

Bunscoileanna nua

Ceantair Fáis aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna

I ndiaidh plé agus iniúchadh ar an riachtanas, socraíodh gan aon fheachtas a rith i roinnt de na ceantair a aithníodh do scoileanna nua i 2015 agus 2016 de bharr cumas na scoileanna lán-Ghaeilge atá ann freastal ar an éileamh. Is iad sin:-

- An Chabhrach/Baile Phib, Baile Átha Cliath (2016)
- Baile Pheiléid/Baile na Fuinseoige, Baile Átha Cliath (2015)
- Carraig Tuathail, Corcaigh (2015)
- Cnoc na Cathrach, Gaillimh (2015)
- Na Clocha Liath, Cill Mhantáin (2015)

Bunaíodh dhá choiste i gcomhpháirt leis an bhForas Pátrúnachta i dhá cheantar eile a aithníodh do scoileanna nua i 2016:

- Baile na nGabhar/Stigh Lorgan, Baile Átha Cliath
- Marino/Droim Conrach/BÁC 1

Tá líon an-mhór foirmeacha léirithe spéise faighte i leith an dá cheantar ag eascairt as feachtas poiblíochta na heagraíochta, i gcomhar le Conradh na Gaeilge agus An Foras Pátrúnachta, atá mar phátrún ionchasach ag na scoileanna agus a dhéanfaidh iarratas leis an Roinn Oideachais agus Scileanna go luath lena bpátrúnacht a dheimhniú agus cead na Roinne a fháil leis na scoileanna a bhunú.

Biorra

D'oscail Gaelscoil na Laochra i mBiorra i ndiaidh feachtas fada. Ceadaíodh oscailt na scoile de bharr an éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge ilchreidmheach faoi phátrúnacht An Foras Pátrúnachta a léiríodh le linn an próisis chomhairliúcháin maidir le pátrúnacht agus iolrachas scoile, coimisiúnaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tréaslaímid leis an bpríomhoide nua, Áine Nic Dháibhéid agus pobal na scoile nua agus guímid gach rath ar an scoil nua don todhcháí.

Béal an Átha Móir, Liatroim

Tá Gaelscoileanna Teo. ag plé le coiste áitiúil maidir le soláthar lán-Ghaeilge a bhunú ainneoin nach mbeidh an ceantar aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá plé ar bun le scoileanna reatha an cheantair, a bheidh ag cónascadh i



2016, maidir le féidearthacht oideachas lán-Ghaeilge a chur ar fáil. Pléfead chomh maith an fhéidearthacht an tseirbhís naíonra a leathnú le go mbeidh cúram lae ar fáil ann.

Iarbhunscóileanna nua

Carraig Uí Leighin agus Doire

Tréaslaímid le Áine Máire Ní Fhaolain, príomhoide nua Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin i gCorcaigh, agus le Diarmaid Ua Bruadair, príomhoide nua Ghaelcholáiste Dhoire. Guímid gach rath ar na múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí don ré nua. Go maire sibh an céad.

Éileamh timpeall na tíre

Tá coistí bunaithe ag feidhmiú sna ceantair thíos le hiarbhunscolaíocht lán-Ghaeilge a éileamh dá bpobail, le tacaíocht ó Ghaelscoileanna Teo.

- Baile an Chollaigh
- Baile Átha Cliath 15
- Cill Dara Thuaidh
- Port Laoise
- Sligeach
- Tuaisceart Chathair Chorcaí

Níl na ceantair seo aitheanta go fóill ag an Roinn Oideachais agus Scileanna mar cheantair ina bhfuil soláthar nua de dhíth ar bhonn déimeagrafach. Beifear ag súil leis go n-aithneofar iad amach anseo agus tá aighneachtaí cuimsitheacha maidir lena gcuid riachtanas déanta ag gach coiste chuig an Roinn. Tá na hOifigigh Forbartha ag obair go leanúnach leis na coistí le teacht ar réiteach i ngach ceantar díbh, agus le cás a dhéanamh leis an Roinn agus le pátrúin áitiúla agus pátrúin ionchasacha ar a son.

Aonaid nua

Tá an eagraíocht ag plé go leanúnach leis an ROS maidir le buanú agus forbairt na n-aonad lán-Ghaeilge. Is cúis imní don eagraíocht agus do phobail na n-aonad nach bhfuil polasaí ag an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le bunú agus buanú aonaid lán-Ghaeilge agus nach bhfuil tacaíochtaí ar leith ar fáil ón Roinn dóibh.

Soláthar cóiríochta do scoileanna le haitheantas buan

Is mian le Gaelscoileanna Teo. comhghairdeas a dhéanamh leis na scoileanna a fuair foirgneamh nua i mbliana dá scoileanna. Ina measc tá Gaelscoil Sheoirse Clancy, Gaelscoil Shliabh Rua agus Coláiste na Coiribe. Tá foirgnimh eile á dtógáil freisin faoi láthair agus pleanáil á déanamh do chinn eile arís. Tá moladh ag dul don Roinn Oideachais agus Scoileanna as an dul chun cinn seo.

In ainneoin na bhforbairtí seo, áfach, tá fós 5 bhunscoil a bunaíodh sna hochtóidí agus 37% de bhunscoileanna a bhfuil aitheantas buan acu nach bhfuil cóiríocht bhuan acu go fóill. Ag an dara leibhéal tá aon trian de na scoileanna lán-Ghaeilge neamhspleácha nach bhfuil cóiríocht bhuan acu, agus dúshlán ag roinnt acu fás i gceart mar gheall ar an mbac a chuireann an chóiríocht mhí-oiriúnach seo orthu.

Beidh liosta eile cóiríochta á dhréachtú ag an Roinn Oideachais don tréimhse ó 2017 ar aghaidh agus beidh dianstocaireacht á déanamh ag Gaelscoileanna Teo. ar son na scoileanna seo bheith san áireamh ar an liosta sin.

Scoileanna faoi phátrúnacht an Easpais agus an Painéal Ath-implonaithe

Tá an-chuid dúshlán fós á dtuairisciú do Gaelscoileanna Teo. faoi fheidhmiú an phainéil. Baineann sé seo go sonrach le scoileanna atá ag iarraidh ceapachán múinteoirí a chur i gcrích, ar múinteoirí iad a bheadh in ann feidhmiú go hiomlán éifeachtach i suíomh lán-Ghaeilge agus a léireoidh an cur chuige agus an meon ceart chun sainmhéon teanga na scoileanna lán-Ghaeilge/Gaeltachta a chosaint. Mar is eol do scoileanna, d'éirigh leis an eagraíocht dul i bhfeidhm ar an Roinn Oideachais agus Scoileanna chun go ndéanfaí leasú beag ar an bhfoirm iarratais don phainéal. Is éard a bhí i gceist leis an leasú seo ná go n-iarrfaí ar mhúinteoirí tic a chur i mbosca chun a dtoilteanas múineadh i scoil lán-Ghaeilge a léiriú. Aithnítear gur céim chun tosaigh a bhí sa leasú seo, ach faraoir, ní réiteach na faidhbe é. Tá go fóill an-chuid dúshlán le caighdeán Gaeilge daoine a roghnaigh tic a chur sa bhosca; agus an easpa tic a cuireadh sna boscaí, rud a léiríonn easpa cumais agus easpa spéise go forleathan tríd na deoisí ar fad. Dul chun cinn eile a bhí ann gur cheadaigh an ROS i mbliana do scoileanna post a fhógairt ar educationpost.ie mura bhfuil éinne (cú) i ndiaidh tic a chur sa bhosca ar an bpainéal forluiteach. Don bhliain seo chugainn tháinig moladh chun cinn go leathnófaí an nósmaireacht seo chuig an bpríomhphainéal agus tá súil againn go gcuirfead seo i

bhfeidhm. An dúshlán a bheidh ann fós ná go mbeidh ar na scoileanna fanacht go dtí go mbeidh an painéal glanta.

Tá an cheist seo ina tosaíocht do Gaelscoileanna Teo. agus leanfar go tréan leis an stocaireacht ar an Roinn faoi réitigh níos infheidhmithe, ar a n-áirítear go mbeadh painéal ar leith ann do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus go mbeadh cead ag scoileanna poist a fhógairt go hoscailte mura mbeadh 1) tic sa bhosca, agus 2) caighdeán na Gaeilge sásúil acu siúd a chuir tic sa bhosca.

Soláthar Múinteoirí

Tá Gaelscoileanna Teo. tar éis bheith páirteach sna cruinnithe comhairliúcháin a bhí ag an gComhairle Mhúinteoireachta le bliain anuas maidir le soláthar cuí múinteoirí bheith ar fáil i gcoitinne do scoileanna na tíre. Tháinig cás na scoileanna atá ag feidhmiú trí Ghaeilge go láidir chun cinn ag gach ceann de na cruinnithe seo. Tá an Chomhairle i mbun iarrachta straitéis náisiúnta a chur le chéile le soláthar cuí múinteoirí a chinntiú i gcomhpháirt leis na páirtithe éagsúla oideachais. Tríd an bpróiseas seo, na polasaithe molta don Oideachas Gaeltachta agus tríd na moltaí a rinneadh sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeltacht tá moltaí láidre ann gur gá próiseas ceart oiliúna múinteora a bheith ann a chinnteoidh dóthain múinteoirí ag an dá leibhéal a bheidh in ann múineadh trí mheán na Gaeilge ar chaighdeán ard. Leanfaidh an eagraíocht ag brú na riachtanas seo ar na Ranna agus na heagraíochtaí/ coláistí cuí go dtí go bhfuil réimse ceart múinteoirí ar fáil don earnáil.

Rialachán ar Iontráil Scoileanna

Níl aon dul chun cinn ann faoi fhoilsiú an Bhille ó d'fhoilsigh an Comhchoiste um Oideachas agus Coimirce Shóisialach, i mí Márta 2014, Tuarascáil ar Dhréacht-Scéim Ghinearálta an Bhille Oideachais (Ligean Isteach ar Scoil), 2013. Táimid ag súil leis go léireoidh an rialachán nua gur fearr go bhfágfaí faoi údarás na scoileanna lán-Ghaeilge slánchúis na scoileanna a chosaint. Beimid ag súil leis an deis plé libh ar an gceist seo a luaithé is a fhoilseofar an Bille.

Aighneachtaí

Ullmhaíodh na haighneachtaí seo a leanas mar fhreagairt don chomhairliúchán faoi seach:

1. An NCSE maidir le comhordú na seirbhísí agus socrúithe feidhmiúla idir an NCSE agus NEPS.
2. An ROS ar na Moltaí Polasáí don Oideachas i Limistéar Gaeltachta.

3. An CNCM maidir le forbairt an Teastais Shóisearaigh nua.

Forbairt Ghairmiúil scoileanna

Forbairt Bhoird Bainistíochta na mBunscoileanna

Tá Gaelscoileanna Teo, i gcomhpháirtíocht leis An bhForas Pátrúnachta, ag pleanáil i dtreo oiliúint a chur ar na boird bainistíochta bunscoile nua a thiocfaidh i bhfeidhm ag tús mhí na Nollag. Cuirfear an chéad mhódúl náisiúnta, is é sin *An Bord Bainistíochta mar Aonán Corparáideach*, ar fáil do na boird seo le linn mhí Eanáir 2016 in ionaid éagsúla mórthimpeall na tíre – bí ag faire amach dó!

Beidh clár á chur ar fáil faoi na módúil eile chomh maith le linn na bliana sin agus ina dhiaidh.

Buíochas ar leith le foireann An Foras Pátrúnachta, as an gcomhoibriú leanúnach agus as an dea-chaidreamh agus muid ag forbairt saincheistean eamála agus tionscadail éagsúla le chéile, ar a n-áirítear oiliúint do na boird bhainistíochta, feachtais poiblíochta ar sholáthar nua agus CAER.

Comhdháil Taighde ar an Tumoideachas 2015

Bhí Gaelscoileanna Teo. ina comheagraí ar chomhdháil taighde ar an tumoideachas faoi stiúir an Dr. TJ Uí Cheallaigh, Coláiste Mhuire Gan Smál. Cuireadh os cionn 50 páipéar i láthair ag an gcomhdháil thar an dá lá, ó shaineolaithe idirnáisiúnta agus náisiúnta ina measc. Bhí freastal an-mhaith ar an gcomhdháil agus an-rath uirthi. Tá gach eolas faoin gcomhdháil seo le fáil ar www.tumoideachas2015.ie.

CAER

Reáchtáladh Comhdháil CAER (Cumann Oideachais na Réigiúin Eorpach), i Sabhal Mor Ostaigh ar Oileán Scítheanach, Albain, ar an 28-30 Bealtaine, áit ar fhreastail tuairim is 100 duine uirthi. Comhdháil rathúil a bhí ann. Tá Nóra Ní Loingsigh ceaptha mar chisteoir ar chuntas Euro na heagraíochta. Tá sé mar sprioc maoiniú a fháil le hoifigeach a fhostú chun obair an chumainn a chur chun cinn agus cabhrú linn naisc leis na réigiúin éagsúla a láidriú. Tá sé i gceist an chéad chomhdháil eile a réachtáil i mBaile Átha Cliath le cur le comóradh 2016.

Seimineár maidir le hOideachas Forbartha

D'éirigh le hiarratas Gaelscoileanna Teo. le haghaidh deontais de €3,000 ó WorldWise Global Schools i dtreo seimineár oiliúna ar oideachas forbartha a réachtáil d'iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge le linn na scoilbhliana seo chugainn. Tá súil ag WorldWise Global Schools tuilleadh maoinithe a chur ar fáil sa tréimhse chéanna le cur i dtreo ionadaíocht a íoc do rannpháirtithe an tseimineáir.

Coiste Seasta Thuaidh Theas ar an nGaeloideachas

Tá comhoibriú leanúnach ar bun ag eagrais de chuid an Choiste Sheasta Thuaidh/Theas ar an nGaeloideachas (CSTT) a bhfuil mar aidhm aige comhoibriú agus comhthuisint i measc na n-eagraíochtaí a bhíonn ag plé leis an oideachas lán-Ghaeilge ón réamhscoil go hiarbhunscoil lán-Ghaeilge sa dá dhlíne agus sa Ghaeltacht a chur chun cinn.

Seoladh an taighde uile-oileánda a choimisiúnaigh an CSTT ar *Anailís ar Mhúnlaí Soláthair Gaelscolaíochta* (an dá leibhéal) leis an Dr Pádraig Ó Duibhir, an Dr Gabrielle Nig Uidhir agus an Dr Seán Ó Cathalláin ag an gComhdháil Tumoideachas 2015 i Luimneach mí Bealtaine.

Riachtanas Speisialta Oideachais sa Scoil lán-Ghaeilge

Tá fochoiste de chuid Gaelscoileanna Teo. ag díriú ar shainriachtanais an chórais Gaelscolaíochta i dtaobh na Riachtanas Speisialta Oideachais (RSO) ag an dá leibhéal. Mar chuid den obair seo, tá plé ar bun idir Gaelscoileanna Teo. agus na húdaráis chúí a bhfuil cúram RSO orthu. Tá obair leanúnach ar siúl maidir leis an gceist thábhachtach seo. Bhí cruinniú an-dearfach idir ionadaithe Gaelscoileanna Teo. agus Psychology Society of Ireland (PSI) chun feasacht a ardú i dtaobh na ceiste do pháistí le riachtanais speisialta sa chóras lán-Ghaeilge. Aithníodh buairteanna an Eagrais i dtaobh easpa feasachta nó saineolais gur féidir a bheith ann ag leibhéal síceolaithe nuair atá measúnaithe ar siúl ar pháistí sa chóras lán-Ghaeilge. Bhí plé spéisiúil ann a thug deis do Ghaelscoileanna Teo. agus don PSI an cheist a iniúchadh agus plean gnímh a aontú ina leith.

Bhí cruinniú comhchosúil idir ionadaithe Gaelscoileanna Teo. agus ionadaithe ón FSS. Arís, cruinniú an-dearfach a bhí ann agus pléadh ceist na moltaí sna tuairiscí a eisítear mar thoradh ar an gcóras measúnaithe maidir le páistí a bhogadh ón gcóras, go minic gan bhunús eolaíoch a bheith ag an moladh. Aithníodh an tábhacht maidir leis an ardú feasachta sa réimse seo agus aithníodh gur beag an plé a bhí déanta air seo go dtí seo. Aontaíodh go gcuirfear an cheist seo ar aghaidh chun go ndéanfaí níos mó plé air, msh. National Education and Health Forum, arís chuig an PSI agus "The Child Health and Review Steering Group".

Rinne an fochoiste teagmháil leis na hollscoileanna agus coláistí oiliúna uile chun ceist an taighde sa réimse seo a fhiosrú chomh maith agus tá obair ar siúl chun bunachar den taighde cuí a chur le chéile. Is céim thábhachtach í seo don réimse le go mbeidh scagadh déanta ar an taighde dúchasach atá againn, agus chun gur féidir na bearnaí a aithint.

Ghlac Gaelscoileanna Teo. páirt i gcomhairliúchán de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Comhordú Seirbhísí agus Socruithe Feidhmiúcháin idir an NCSE agus NEPS. Léirigh aighneacht Gaelscoileanna Teo. go soiléir áit

reatha RSO sa chóras lán-Ghaeilge agus rinneadh moltaí láidre ar son conas seo a chur chun cinn le cinntiú go bhfuil na tacaíochtaí cuí ann.

Is cúis áthais don eagrais é gur osclaíodh aonad uathachais eile i gceann dár gcuid scoileanna i mbliana agus go bhfuil aonaid anois á n-ofráil go huathoibríoch do Ghaelscoileanna agus foirgnimh á dtógáil. Aithníonn an eagraíocht an dul chun cinn suntasach seo. Tá pleananna sa tsiúl d'aonaid a oscailt i mbunscoileanna eile agus ag leibhéal na meánscoile faoi láthair. Is léargas suntasach é seo go bhfuil ár gcuid scoileanna ag freastal ar na páistí uilig in ár bpobail faoi seach agus leis an tacaíocht chúig gur féidir leis an gcóras lán-Ghaeilge freastal ar pháistí le gach cineál riachtanais.

Tá i gceist ag Gaelscoileanna Teo. leanúint leis an obair fhiúntach seo agus tá i gceist go rachfar i dteagmháil leis na scoileanna lán-Ghaeilge sa tír chun breis taighde a dhéanamh ar an gceist thábhachtach seo.

Tá an eagraíocht go fóill ag plé leis an ROS mar chuid den phróiseas comhairliúcháin agus ag déanamh ionadaíochta thar cheann na hearnála chun críche múnla leithdháileadh acmhainní iomchuí ag leibhéal na mbunscoileanna lán-Ghaeilge. Cuireadh aighneacht láidir faoi bhráid na ROS ag léiriú an tábhacht a mbainfeadh le breis tacaíochta a chur ar fáil dár gcuid scoileanna de bharr go mbíonn tacaíocht á chur ar fáil don 3 ábhar, in áit díreach Béarla agus Mata, faoi mar atá sna scoileanna meán-Bhéarla.

Seirbhísí Eolais agus Forbairt Scoilphobail

Foilseacháin

Rinneadh a lán oibre i mbliana ar fhorbairt roinnt foilseachán nua agus ar nuashonrú na bhfoilseachán atá ann cheana féin. Tá bileoga nua ann, agus foirm orduithe idirghníomhach ar www.gaelscoileanna.ie. Tá oiriúnú beartaithe ar an-chuid d'ábhar bolscaireachta na heagraíochta do scoileanna agus pobail na Gaeltachta. I gcás forbairt aon ábhar nua, tá sé mar pholasáí againn an Ghaeltacht a thógáil san áireamh mar spriocghrúpa ar leith.

Táimid ag forbairt 'Ár bPolasáí Gaeilge do na hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge' agus tá súil againn é sin a fhoilsiú go luath in 2016 agus ceardlanna oiliúna a bhunú air leis.

Seirbhísí Nuachta

Tá nuachtlitir chlóite á foilsiú uair sa ráithe, agus aiseolas an-dearfach faighte ar na forbairtí a tháinig uirthi le bliain anuas. Tá ceann ar leith forbartha freisin do na naíonraí agus a gcuid pobal.

Tá nuacht na heagraíochta agus na hearnála á foilsiú go laethúil ar www.gaelscoileanna.ie agus is féidir scéalta an lae a fháil ar ríomhphost nó trí fhotha RSS ach clárú chuige tríd an suíomh.

Seirbhísí Ar Líne

Tá suíomh gréasáin na heagraíochta, www.gaelscoileanna.ie, ag forbairt go leanúnach le go mbeidh sé mar fhoinsé eolais agus mar áis do phobail uile na naíonraí agus na scoileanna

lán-Ghaeilge; foireann, daltaí, tuismitheoirí, eagraíochtaí tacaíochta agus comhlachtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do na scoileanna. Tá eolas cuimsitheach ar an suíomh maidir le gach gné d'obair na heagraíochta agus déantar an t-ábhar ann a nuashonrú go laethúil le go mbeidh pobal na hearnála ar an eolas maidir le himeachtaí, folúntais, scéimeanna agus deiseanna d'fhorbairt scoilphobail.

Tá rannóg ar an suíomh do mhúinteoirí agus stiúrthóirí, áit a bhfuil freagraí ar na ceisteanna coitianta a chuirtear orainn. Táimid ag forbairt an tsuímh le go mbeidh foirne na scoileanna agus na naíonraí in ann acmhainní a chomhroinnt lena chéile.

Tá Gaelscoileanna Teo. gníomhach ar Twitter agus ar Facebook anois chomh maith, áit a roinntear eolas maidir le hobair na heagraíochta agus obair na naíonraí agus na scoileanna féin. Tá grúpaí sainspéise ag feidhmiú tríd an leathanach Facebook, ag plé le bunú scoileanna agus eile.

Scéim 'Le Chéile Trí Ghaeilge'

Tríd an scéim 'Le Chéile Trí Ghaeilge' (a bhíodh 'Imeachtaí Idirscoile' mar theideal air) a ritheadh i gcaitheamh na scoilbhliana bhí deis ag scoileanna imeacht dá rogha féin a reáchtáil le naíonraí / scoileanna eile le cúnaimh airgid bunaithe ar líon na naíonraí / scoileanna rannpháirteacha. Bhí níos mó ná 100 iarratas ar an scéim i mbliana agus bhain níos mó ná 420 naíonra agus scoil tairbhe as an scéim le linn na tréimhse céanna. Foilsíodh tuairisc agus grianghraf ó na naíonraí agus scoileanna rannpháirteacha maidir lena gcuid imeachtaí ar www.gaelscoileanna.ie, le go spreagfaí dreamanna



eile chun buntáiste a bhaint as an scéim. Baineadh leas as na deontais le gréasáin a chruthú agus a chothú idir naíonraí agus scoileanna agus le cairdeas agus comhoibriú a chur chun cinn.

Tá liosta d'eagraíochtaí a chuireann seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil do naíonraí/ scoileanna foilsithe ar www.gaelscoileanna.ie d'fhonn smaointe agus spreagadh a thabhairt do rannpháirtithe na scéime. Foilsítear eolas mar gheall ar imeachtaí eagraíochtaí leasmhara eile ann freisin, le gur féidir le naíonraí/ scoileanna úsáid a bhaint as an deontas chun freastal ar na himeachtaí sin más mian leo.

Scéim Tacaíochta Teanga

Tá an scéim phiolótach seo á reáchtáil ag Gaelscoileanna Teo. le cúnamh a thabhairt do stiúrthóirí naíonra agus d'fhoireann neamh-theagaisc na scoileanna gur mian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge nó tabhairt faoin scrúdú TEG. Faoin scéim seo is féidir tabhairt faoi oiliúint sa Ghaeilge ag aon leibhéal agus eagraithe ag aon fhoras oiliúna. Bhain 82 ball foirne, idir naíonraí agus scoileanna, leas as an scéim go dáta le feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.

Scléip

Aistríodh an tionscadal seo go Gael Linn mar chuid den phróiseas cuíchóirithe ar na heagraíochtaí agus faoi réir threoir Fhoras na Gaeilge le linn 2014. B'aistriú an-rathúil a bhí ann chuig Gael Linn agus tá Gaelscoileanna Teo. an-mhuiníneach as cumas agus as a spéis é a reáchtáil ar ardchaighdeán. Bhí an eagraíocht lárnach i mbainistiú an tionscadail le linn 2015 mar chuid den aistriú. Guímid gach rath ar Gael Linn agus ar na hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge a bheidh páirteach ann amach anseo.

Taighde

Tá taighde coimisiúnaithe ag Gaelscoileanna Teo. ar an gceist taighde 'Leanúnachas ón mbunscoil go dtí an Iarbhunscoil lán-Ghaeilge agus na fachtóirí a théann i gcion air'. Beimid ag súil leis na torthaí ón taighde a fhoilsiú le linn 2015.

Buíochas leis an mBord Stiúrtha

Thar ceann na foirne, is mian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an mBord Stiúrtha as a dtreoir i gcónaí i dtaobh fheidhmiú spriocanna na heagraíochta. Táimid an-bhuíoch den Uachtarán, Cathnía Ó Muirheartaigh, a léirigh díograis agus spéis i gcur chun cinn na heagraíochta, agus a chuireann é féin ar fáil go flaitiúil chun forbairt na heagraíochta a éascú. Is mór againn cúnamh Chathnía agus tacaíocht an bhoird ina iomláine.

Buíochas leis an bhFoireann

Is ábhar mór sástachta go bhfuilimid ar deireadh in ann a fhógairt go bhfuil an 9 bpost atá ag an eagraíocht nach mór líonta chun tabhairt faoinár gcuid feidhmeanna nua mar cheanneagraíocht. Cuirimid fáilte roimh Pheigí Uí Chonghaile agus Jill McMahon chun na heagraíochtaí agus táimid an-sásta iad a bheith linn. Tá an fhoireann ar fáil i gcónaí mar chrann taca do na naíonraí, scoileanna agus a gcuid pobal, agus ag cur lena gcuid saintuisceana agus taithí ar fhoréimísí uile na heagraíochta. Táim an-bhuíoch den fhoireann as dearfach agus gairmiúlacht a léiriú i gcónaí agus as an toilteanas croíúil tabhairt faoi na réimsí nua agus forbairt foirme chun na críche sin.

Ar nóta pearsanta, is mian liom buíochas mór ó chroí a ghabháil le Nóra atá ag feidhmiú mar Ardfeidhmeannach Gníomhach ó mhí an Mheithimh ó d'imigh mé ar shaoire mháithreachais. In ainneoin an bhrú bhreise anuas ar a gnáthchúraimí, tá Nóra ag plé leis na cúraimí uile go héifeachtach agus go díograiseach.

Tá forbairt tagtha ar líon agus ar chineál na bpost san eagraíocht, agus is é seo thíos an comhdhéanamh reatha:

- Ardfeidhmeannach: Bláthnaid ní Ghréacháin
- Leas-Ardfeidhmeannach: Nóra Ní Loingsigh
- Oifigeach Sinsearach Polasaí agus Forbartha: Clare Spáinneach
- Oifigigh Forbartha (Bunú agus buanú naíonraí agus scoileanna): Cormac Ó Feinneadha & Ciara Ní Bhroin
- Oifigigh Forbartha Gaeltachta: Peigí Ní Chonghaile agus an dara duine le ceapadh go luath
- Oifigeach Eolais agus Airgeadais: Sandra Uí Chléirigh
- Riarthóir Oifige: Jill McMahon

D'fhágamar slán i mbliana le Cormac Mc Cashin agus le Caitriona Ní Ghriallais agus guímid gach rath orthu beirt.

Buíochas le heagraíochtaí oideachais agus Gaeilge

Gabhaimid buíochas mór leis na heagraíochtaí uile a mbímid ag comhoibriú leo agus ag forbairt saincheistanna oibre le chéile leo; áirítear ina measc COGG; ball eagraíochtaí an Choiste Sheasta Thuaidh/ Theas ar an nGaeiloideachas, na ceanneagraíochtaí, na páirtithe oideachais agus na heagrais oideachais agus Ghaeilge uile.

Nóta buíochas ar leith do Mháire Uí Mhurchú agus Máire Ní Choileáin ó Na Naíonraí Gaelacha as a gcomhoibriú agus muid ag forbairt cur chuige comhoibritheach idir an dá eagrais.

Gabhann Gaelscoileanna Teo. buíochas mór le Seosamh Mac Donnacha atá mar fhoirse tacaíochta agus mar Chomhairleoir Straitéiseach don eagraíocht agus í i mbun próiseas athstruchtúrtha. Is mór againn a thoilteanas a chuid saineolais a roinnt go fial flaitiúil linn i gcónaí.

Buíochas le Foras na Gaeilge

Táimid an-bhuíoch d'Fhoras na Gaeilge as an gcomhoibriú agus as an maoiniú d'fhorbairt agus d'fheidhmiú chlár oibre na heagraíochta. Gabhaimid buíochas ar leith le Seán Ó Coinn agus le Joe Ó Coinne as an gcomhoibriú agus as an gcúnamh leanúnach.

Foireann Gaelscoileanna Teo.
Samhain 2015



Reáchtáladh cruinnithe ag leibhéal an Bhoird Stiúrtha ó Chomhdháil 2013 i leith ar na dátaí seo a leanas: 23 Samhain 14, 17 Eanáir 15, 8 Márta 15, 14 Bealtaine 15, 26 Meitheamh 15, 5 Meán Fómhair 15 agus 2 Deireadh Fómhair 15.

Bliain ghnóthach, rathúil a bhí ag Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo i mbliana. Osclaíodh Gaelscoil nua amháin i mBiorra, Co. Uíbh Fhailí faoi phátrúnacht an Fhoras Pátrúnachta. Osclaíodh Gaelcholáiste amháin, Gaelcholáiste Charraig Uí Laighin, i gCo. Chorcaí. Osclaíodh aonad uathachais, “An Cuan” i nGaelscoil Bhaile Brigín i mbliana freisin. Tá feachtais láidre ar siúl i nDeisceart agus dTuaisceart Bhaile Átha Cliath maidir le bunú bunscoileanna do Mheán Fómhair 2016. Tá an t-Eagras ag súil le toradh dearfach ar an dá fheachtas seo in Earrach 2016. Leanfaidh Gaelscoileanna Teo. ag plé leis an Roinn Oideachais agus Scileanna le cinntiú go dtugtar riachtanais teanga san áireamh agus ceantair á n-aithint do sholáthar scoile.

Cuireadh fáilte ó chroí roimh bhail nua an bhoird i mbliana, Sinéad Ní Shuilleabháin, Naomi Ní Mhuiríosa, Emily Ní Challaráin agus Cormac Ó Tuairisg. Rinneadh comhthoghadh ansin ar TJ Ó Ceallaigh, Seán Ó hArgáin agus Seán Seosamh Mac Íomhair. Gabhadh buíochas le hAoife Ní Chochláin agus Mícheál Ó Broin a d’éirigh as mar ghnáthstíúrthóirí agus le Máirín Ní Chéileachair a d’éirigh as an mBord agus a ról mar Uachtarán.

Tá méadú tagtha ar an líon foirne atá fostaithe ag an Eagras de bharr thoradh an chuichóirithe agus tá oifig réigiúnach oscailte i gConamara, Co. Na Gaillimhe anois le baill foirne lonnaithe ann. Cabhraíonn sé go mór leis an bhfoireann agus leis an mBord obair na heagraíochta á cur i gcrích. Tá baill foirne ag tabhairt faoi bhualadh leis na scoileanna agus naíonraí ar fad, rud a chabhraíonn leis an Eagras tuiscint níos doimhne a fháil ar shainriachtanais na scoileanna agus na naíonraí. Tá obair leanúnach ar siúl chomh maith le clár oibre an Bhoird agus na foirne a chur i gcrích le dualgais an Eagrais i dtaobh an Phlean Straitéisigh agus Rúin na Comhdhála a chomhlíonadh.

Tá Nuachtlitir na hEagraíochta á foilsiú ar bhonn rialta, a thugann deis do scoileanna a gcuideadh nuachta a roinnt agus deis don Eagras eolas ábhartha a roinnt idir scoileanna. Tá an-rath i gcónaí ar an Scéim Le Chéile trí Ghaeilge, deontas a chuirtear ar fáil do scoileanna agus naíonraí a eagraíonn imeachtaí le scoileanna agus naíonraí eile.

Cuireadh oiliúint ar fáil do Bhoird Bhainistíochta i gcomhairle leis an bhForas Pátrúnachta le linn na bliana. De bharr go bhfuil na boird bhainistíochta ag athrú ag deireadh na bliana seo, beidh breis oiliúna á h-eagrú do na boird nua a bheidh ag feidhmiú go luath. Beidh an t-Eagras ag dul i gcomhpháirt leis na Scoileanna Gaeltachta chomh maith.

Tá Fochoiste Pleanála an Eagrais ag obair ar athdhréachtú a dhéanamh ar na hairteagail comhlachais le cúramá nua na heagraíochta a thógáil san áireamh. Tá tréimhse FNT tagtha chun deiridh agus beidh Gaelscoileanna Teo. ag leanúint ar aghaidh ag cur seirbhísí ar fáil do Naíonraí. Tá ról sonrach ann anois do Ghaelscoileanna Teo. i soláthar tacaíochta agus ionadaíochta do scoileanna Gaeltachta chomh maith. Chuige sin, is gá rialachas an eagrais a chur in oiriúint don leathnú ról seo.

Mar chuid den ról nua, tá scéim nua forbartha d’oiliúint sa Ghaeilge á cur ar fáil do Stíúrthóirí Naíonraí. Ghlac an t-Eagras páirt i gcomhairliúchán le scoileanna Gaeltachta ar Oideachas Gaeltachta agus cuireadh aighneacht thar cheann an Eagrais ar aghaidh chun na Roinne i mí an Mheithimh tar éis an phróisis chomhairliúcháin sin.

Tá Gaelscoileanna Teo. ag glacadh páirte i gcónaí i gcruinnithe de chuid an Fhórait Comhpháirtíochta.

Tá Feachtas comhaontaithe ar siúl idir Gaelscoileanna Teo. agus Conradh na Gaeilge maidir le hardú feasacha ar bhuntáistí an tumoideachais, ag díriú ar sprioc-cheantair faoi leith ag an tús agus ag súil len’ é a leathnú amach sa toadhcháil.

Tá líon na mball ar bhord COGG laghdaithe ó tháinig deireadh leis an tréimhse dheireanach den bhord, rud a laghdaigh ionadaíocht Gaelscoileanna Teo. ar an mBord úd. Is buille díomách é seo don earnáil ach leanfaidh an t-Eagras ag déanamh cinnte de go bhfuil guth na hearnála le cloisteáil ar Bhord COGG tríd an ionadaíocht atá air. Rinne an t-Eagras

comhghairdeas le hUachtarán nua COGG, Dónal Ó hAiniféin ar a cheapachán.

Ghlac an t-Eagras páirt i gcomhthionscadal le Coláiste Mhuire Gan Smál (príomheagraí, faoi threoir TJ Uí Cheallaigh), COGG agus Foras na Gaeilge le Comhdháil Tumoideachais a eagrú i mBealtaine 2015. Is Comhdháil taighde a bhí anseo agus bhí an-rath go deo air.

Tá taighde coimisiúnaithe ag Gaelscoileanna Teo. maidir leis an leanúnachas ón mbunscoil chuig an meánscoil. Tá taighde eile le coimisiúnú sa chéad bhliain eile.

Tá aighneacht maidir leis an gcomhairliúchán atá ar siúl ag an Roinn i dtaobh Stádas DEIS curtha isteach ag an Eagras.

Tá moltaí curtha ar aghaidh chuig an NCSE maidir le réimsí taighde i dtaobh Riachtanas Speisialta sa chóras lán-Ghaeilge. Ghlac an t-Eagras páirt i gcomhairliúchán de chuid na Roinne maidir leis an múnú nua do leithdháileadh acmhainní i soláthar tacaíochta i réimse na riachtanas speisialta. Ar cheann de na moltaí a bhí ag an Eagras ná go dtabharfaí san áireamh go soláthraítear tacaíocht i dtrí ábhar sna scoileanna lán-

Ghaeilge: Gaeilge, Béarla agus Mata agus gur cheart seo a aithint agus a thabhairt san áireamh nuair atá líon tacaíochta á soláthar do scoileanna Lán-Ghaeilge. Tá Gaelscoil amháin mar bhall den scéim píolótach atá ag an Roinn. Tá obair leanúnach ar siúl chomh maith ag an bhFochoiste Oideachais Speisialta. Bhí cruinnithe dearfacha ag ionadaithe an Eagrais leis an PSI agus FSS chun feasacht a ardú i dtaobh ról na ndaoine gairmiúla, an cheist teanga agus measúnaithe á ndéanamh ar pháistí sa chóras lán-Ghaeilge. Tá aighneacht curtha isteach ag an Eagras chomh maith i gcomhairliúchán de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Comhordú Seirbhísí agus Socruithe Feidhmiúcháin idir an NCSE agus NEPS, ag soiléiriú áit reatha RSO sa chóras lán-Ghaeilge agus ag tabhairt moltaí maidir leis seo a chur chun cinn.

Gabhaim buíochas ó chroí leis an Uachtarán, leis an mBord Stiúrtha, le foireann GAELSCOILEANNA TEO. agus ár mbaill uilig as an obair den scoth a dhéantar ar bhonn leanúnach i soláthar oideachais den scoth trí mheán na Gaeilge dár gcuid scoláirí.

Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, Runaí an Bhoird Stiúrtha Samhain 2015



Cruinniú Cinn Bhliana Gaelscoileanna Teo., 22 Samhain 2014

Dréacht-Mhiontuairiscí 2013

Díríodh aird an tslua ar na miontuairiscí ó Chruinniú Cinn Bhliana 2013.

Molta: Seán Ó Nuanáin

Tacaithe: Fíona Uí Uiginn

Tuairisc an Rúnaí

Cuireadh Tuairisc an Rúnaí 2014 i láthair an chruinnithe.

Cuntais na Bliana

Cuireadh na cuntais iniúchta 2013 i láthair an chruinnithe.

Tuairisc na hEagraíochta 2014 agus Tuairisc ar Rúin 2013

Chuir Bláthnaid ní Ghréacháin Tuairisc na hEagraíochta 2014 agus Tuairisc ar na Rúin ó ritheadh an Cruinniú Cinn Bhliana 2013 i láthair an chruinnithe. Tugadh léargas ar obair na heagraíochta ó Chomhdháil Bhliantúil 2013 de réir na rún a ritheadh ag Cruinniú Cinn Bhliana 2013 agus de réir an 3 phríomhréimse oibre de chuid na heagraíochta: Bunú Scoileanna, Buanú Scoileanna agus Forbairt Scoilphobail. Ghabh Bláthnaid buíochas leis an Uachtarán Máirín Ní Chéileachair, leis an mBord Stiúrtha agus leis an bhfoireann iomlán agus d'fháiltigh sí roimh an fhoireann nua.

Na Toghcháin

Toghchán na nOifigeach

Uachtarán:	Cathnia Ó Muirheartaigh, tofa gan iomaíocht.
Rúnaí:	Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, tofa gan iomaíocht.
Cisteoir:	Dealgan Ó Ciarubháin, tofa gan iomaíocht.
Oifigeach Caidrimh Phoiblí:	Fiona Uí Uiginn, tofa gan iomaíocht.

Toghchán na nGnáthstíúirthóirí

Mhol an t-Uachtarán go dtoghaí an 9 iarrthóirí mar ghnáthstíúirthóirí. Tacaíodh leis an moladh seo.

Toghadh an 9 iarrthóirí d'aon ghuth.

Norma Ní Chonchúir
Seán Mag Oireachtaigh
Elaine Ní Shé
Seán Ó Nuanáin
Róisín Ní Ríordáin
Sinéad Ní Shúilleabháin
Naomi Ní Mhuiríosa
Cormac Ó Tuairisg
Emily Ní Challaráin

GAELSCOILEANNA TEORANTA

(Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta
Gan Scairchaipéal)

The page features several decorative elements: a purple leaf in the top right, a green leaf on the right, a blue leaf in the middle left, a pink leaf in the middle right, a yellow leaf in the lower middle, a red leaf in the lower left, and a brown leaf at the bottom center. There are also horizontal bands of color: a pink band, an orange band, and a blue band. The text is placed on these bands.

Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Chríoch

31 Nollaig 2014

Halla Naomh Phádraig
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Gríofa
Baile Átha Cliath 9

Eolas	27
Tuarascáil na Stiúrthóirí	28
Freagrachtaí Stiúrthóirí	29
Tuarascáil an Iniúcháir	30
Cuntas loncaim agus Caiteachais	31
Clár Comhardaithe	32
Nótaí ar na Cuntais	33
Ráiteas Sreabhadh Airgid	35

Stiúrthóirí

Uachtarán Cathnia Ó Muircheartaigh
 Yvonne Ní Mhurchú
 Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
 Dealgan Ó Ciarubháin
 Seán Mag Oireachtaigh
 Seán Ó Nuanáin
 Fíona Uí Uiginn
 Norma Ní Chonchúir Elaine Ní Shé
 Róisín Ní Ríordáin
 Sinéad Ní Shúilleabháin (ó 23 Samhain 2014)
 Naomi Ní Mhuiríosa (ó 23 Samhain 2014)
 Cormac Ó Tuairisg (ó 23 Samhain 2014)
 Emily Ní Challaráin (ó 23 Samhain 2014)
 T J Ó Ceallaigh (ó 23 Samhain 2014)
 Seán Ó hArgáin (ó 23 Samhain 2014)
 Cathal Ó Luain (go 22 Meitheamh 2014)
 Máirín Ní Chéileachair (go 23 Samhain 2014)
 Mícheál Ó Broin (go 23 Samhain 2014)
 Aoife Ní Chochláin (go 23 Samhain 2014)

Rúnaí

Clodagh Ní Mhaoilchiaráin

Oifig Chláraithe

Halla Naomh Phádraig
 Institiúid Oideachais Marino
 Ascaill Uí Ghríofa
 Baile Átha Cliath 9

Uimhir Chláraithe

317146

Uimhir CHY

13520

Baincéirí

Bainc Aontas Éireann
 40/41 Sráid an Fheistí
 Baile Átha Cliath 2

Iniúcháir

Dáithí Ó Maolchoille
 Cuntasóir Cairte agus
 Comhlacht Reachtúil Iniúcháireachta
 75 Páirc Weston
 Baile an Teampaill
 Baile Átha Cliath 14

Tuarascáil na Stiúrthóirí Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2014

Cuireann na stiúrthóirí a ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 faoi bhráid na gcomhaltaí.

Athbhreithniú ar Imeachtaí na Bliana

Is scátheagraíocht í an chuideachta a chomhordaíonn agus a thugann tacaíocht do Ghaelscoileanna ar fud na tíre.

Torthaí na Bliana agus Staid Cúrsaí ar 31 Nollaig 2014

Tá an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an Clár Comhardaithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 ar leathanaigh 9 go 13. Tá toradh na bliana le léamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar leathanach 9. Tá staid chúrsaí na cuideachta léirithe ar an gClár Comhardaithe ar leathanach 10.

Stiúrthóirí

De réir na nAirteagal Comhlachais éiríonn na stiúrthóirí go léir as oifig ag an gcruinniú cinn bhliana agus, iad a bheith inainmnithe, cuireann siad iad féin ar fáil le bheith atofa. Éiríonn an tUachtarán as oifig gach dara bliain agus é a bheith inainmnithe, cuireann sé é féin ar fáil le bheith atofa.

Gníomhaíonn na stiúrthóirí go léir ar bhonn deonach.

Imeachtaí Tábhachtacha Ó Dheireadh na Bliana

Ní raibh aon imeachtaí tábhachtacha a bhaineann leis an gcuideachta ó dheireadh na bliana.

Forbairtí Amach Anseo sa Ghnóthas

Leanfaidh an chuideachta ag feidhmiú faoi mar atá sí faoi láthair sa bhliain seo chugainn.

Leabhair Chuntais

Is iad na céimeanna a ghlacann na stiúrthóirí chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil coinníollacha Ailt 202 de Acht na gCuideachtaí 1990, faoi leabhair chuntais chuí, á

gcomhlíonadh ná: na polasaithe agus na nósmaireachtaí riachtanacha a fheidhmiú chun idirbhearta a chlárú; foireann chuntasaíochta chumasach, le tairbhí oiriúnach, a fhostú; agus dóthain acmhainní a sholáthar chun chúram a dhéanamh de na cuntais. Coimeádtar na leabhair chuntais ag Oifig Chláraithe na Cuideachta.

Iníúchóir

Chuir Dáithí Ó Maolchoille, Cuntasóir Cairte agus Comhlacht Reachtúil Iníúcháireachta, in iúl go bhfuil sé toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 160(2), Acht na gCuideachtaí 1963.

Príomhríosaí agus Éiginnteachtaí

Maoinítear an chuideachta go príomha trí dheontas ó Fhoras na Gaeilge. Tá an chuideachta ar cheann de na sé cheanneagraíochta atá roghnaithe ag Foras na Gaeilge chun cur chun cinn na Gaeilge san earnáil oideachais. Is é laghdú ioncaim ón bhfoinsí seo an príomhríosa atá ag an gcuideachta.

Ar son na stiúrthóirí

Cathnia Ó Muircheartaigh

Dealgan Ó Ciarubháin

Stiúrthóirí

14 Bealtaine 2015

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2014

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe oiriúnacha agus de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Cuntasaíochta agus atá foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

De réir dlí cuideachta tá iallach ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais a thugann léargas fíor cothrom ar ghnóthaí na cuideachta agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na cuideachta don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir do na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Deimhníonn na stiúrthóirí go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta stádas airgeadais na cuideachta ag am ar bith agus a chuireann ar a gcumas bheith deimhin de go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

Chomh fada agus is eol do na stiúrthóirí:

- níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta ann (faisnéis a bheadh ag teastáil ón iniúchóir agus é ag ullmhú a thuarascála) nach eol do iniúchóir na cuideachta, agus
- tá gach céim glactha ag na stiúrthóirí a ba chóir dóibh a ghlacadh chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus chun a chinntiú go bhfuil iniúchóir na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Ar son na stiúrthóirí

Cathnia Ó Muirheartaigh
Dealgan Ó Ciarubháin

Stiúrthóirí

14 Bealtaine 2015

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách do na Comhaltaí

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de Ghaelscoileanna Teoranta don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2014 ar a n-áirítear an Cuntas Loncain agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, Ráiteas na nGnóthachan agus na gCailteanas Iomlán Admhaithe agus na nótaí gaolmhara ar leathanaigh 9 go 13. Is iad dlí na hÉireann agus caighdeán chuntasaíochta eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn) an creat tuairisciú airgeadais atá i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais.

Is do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, faoi réir Alt 193 de Acht na gCuideachtaí 1990 a dhéantar an tuarascáil seo. Chuaigh mé i mbun na hoibre iniúchta le go bhféadfainn a lua le comhaltaí na cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orm a lua i dtuarascáil iniúcháir agus chun na críche sin amháin. Chomh fada agus is ceadmhach dom de réir dlí ní ghlacaim ná ní ghabhaim chugam féin freagracht do dhuine ar bith seachas don chuideachta agus do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as m'obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar tháinig mé orthu.

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus an iniúcháir faoi seach

Mar atá mínithe níos iomláine san Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 6, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais chun léargas fíor agus cothrom a thabhairt. Is é an dualgas atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a nochtadh orthu faoi réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchta (RA agus Éire). Éilíonn na caighdeáin seo go gcloífinn le Caighdeáin Eitice do Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchta.

Scóp iniúchadh na ráiteas airgeadais

Áirítear, in iniúchadh, fianaise a fháil faoi na suimeanna agus nochtadh faisnéise sna ráitis airgeadais chun dóthain cinnteachta réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu calaois nó earráid ba chúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar: cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasíochta oiriúnach do chúinsí na cuideachta agus cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go leordhóthanach iad; réasúntacht meastachán cuntasíochta suntasacha a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais. De bhreis air sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais go léir i dTuarascáil na

Stiúrthóirí chun nithe neamh-chomhsheasamhacha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon eolas, a bhfuil an dealramh air go bhfuil sé míchruinn agus é bunaithe ar, nó atá neamh-chomhsheasmach le, heolas ar tháinig mé air a aithint agus mé ag gabháil den iniúchadh. Má thagaim ar eolas faoi mhíríteas nó faoi nithe neamh-chomhsheasamhacha ábhartha déanaim na himpleachtaí do mo thuarascáil a mheas.

Tá an t-iniúchadh déanta agam faoi réir choinníollacha Chaighdeán Eitice an Bhoird um Chleachtais Iniúchta lena n-áirítear Caighdeán Eitice an Bhoird um Chleachtais mar atá leagtha amach i nóta 6 de na ráitis airgeadais.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is í mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom faoi réir na gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn ar ghnóthaí na cuideachta mar a bhí ar an 31 Nollaig 2014 agus ar a toradh don bhliain a chríochnaigh ansin; agus
- gur ullmháíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

Ábhair a éilíonn Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 orm a thuairisciú

- Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé ba ghá i gcomhair mo iniúchta.
- Is í mo thuairim gur choimeád an chuideachta leabhair chuntais chuí.
- Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Ábhair gur gá dom a thuairisciú go heisceachtúil

Níl aon ní le tuairisciú agam a n-éilítear orm ag forálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 a thuairisciú daoibh más í mo thuairim é nach nochtar luach saothair nó idirbhearta na stiúrthóirí atá sonraithe sa dlí.

Dáithí Ó Maolchoille

Iniúchóir Cláraithe, Cuntasóir Cairte

Sínithe ar a shon agus thar a cheann:

Dáithí Ó Maolchoille

Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta

75 Páirc Weston

Baile Átha Cliath 14

14 Bealtaine 2015

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2014

	Nótaí	2014 €	2013 €
Ioncam		575,585	421,064
Caiteachas		(540,171)	(425,068)
Farasbarr/(easnamh) oibreacháin ar ghnáthghníomhachtaí roimh cháin	2	35,414	(4,004)
Cáin ar fharasbarr/(easnamh) ar ghnáthghníomhachtaí	3	-	-
Farasbarr/(easnamh) ar ghnáthghníomhachtaí tar éis cánach	4	35,414	(4,004)

RÁITEAS NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS IOMLÁN ADMHAITHE

Tá na torthaí díorthaithe ó ghnóthaí leanúnacha. Ní raibh gnóthachan ná cailteanas ar bith admhaithe seachas toradh coimeádta an bhliain airgeadais. Ní raibh gluaiseachtaí ar bith i gcistí na cuideachta i rith na bliana seachas toradh coimeádta na bliana airgeadais.

Ar son na stiúrthóirí
CATHNIA Ó MUIRCHEARTAIGH
DEALGAN Ó CIARUBHÁIN
Stiúrthóirí

Clár Comhardaithe
ag 31 Nollaig 2014

	Nótaí	2014 €	2013 €
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe		98,461	30,213
Airgead sa bhanc		66,973	115,425
		165,434	145,638
CREIDIÚNAITHE			
(iníoctha laistigh de bhliain amháin)		(3,314)	(18,932)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA			
		162,120	126,706
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA			
		162,120	126,706
COMHDHÉANTA MAR A LEANAS			
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	4	162,120	126,706

Ar son na stiúrthóirí
CATHNIA Ó MUIRCHEARTAIGH
DEALGAN Ó CIARUBHÁIN
Stiúrthóirí

Nótaí ar na Cuntais Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2014

1. POLASÁÍ CUNTASAÍOCHTA

Gnás Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi réir caighdeán chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn. Is iad caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú ag tabhairt léargais fíor agus cothrom ná caighdeáin chuntasaíochta foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Sócmhainní Inláimhsithe Dochta

Díscríobhtar sócmhainní dochta – trealamh oifige – mar chostas reatha sa bhliain a cheannaítear iad. Tá an polasaí seo ag teacht le bonn maoinne na cuideachta.

Pinsin

Tá leasanna pinsin maoinithe thar thréimhse seirbhíse na bhfostaithe mar ranníocaíochtaí do chiste faofa. Tá na ranníocaíochtaí curtha i gcoinne an chuntais loncaim agus Caiteachais sa tréimhse lena mbaineann siad.

Gnóthas leantach

I bhfianaise thacaíocht airgeadais ó Fhoras na Gaeilge agus ag cur torthaí measta na bliana seo chugainn san áireamh tá na ráitis airgeadais seo ullmhaithe ar an mbunús gnóthais leantaigh.

2. FARASBARR/(EASNAMH) OIBREACHÁIN AR GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ ROIMH CHÁIN

	2014 €	2013 €
Léirítear na torthaí roimh cháin tar éis na gcostas seo leanas a íoc:		
Táille iniúcháir – iniúchadh	1,000	1,000
- seirbhísí neamhiniúcháireachta	850	1,000

3. CÁIN AR THORTHAÍ AR GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ

Tá stádas carthanúil faighte ag an gcuideachta ó na Coimisinéirí Loncaim a thugann faoiseamh ó cháin i leith ioncaim nó ghnócháin chaipitiúla a úsáidtear agus atá inúsáidte chun críche aidhmeanna carthanúla amháin. Bronnadh an stádas sin ar an gcuideachta i litir ó na Coimisinéirí Loncaim dar dáta 14 Feabhra 2000.

4. CÚLCHISTÍ

	2014 €	2013 €
Cuntas loncaim agus Caiteachais:		
Farasbarr ag tús na bliana	126,706	130,710
Farasbarr/(easnamh) na bliana	35,414	(4,004)
<hr/>		
Farasbarr ag deireadh na bliana	162,120	126,706

5. STÁDAS NA CUIDEACHTA

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal is ea an chuideachta. Tá ráthaíocht na gcomhaltaí teoranta go €1 an chomhalta a leanann ar feadh bliana amháin tar éis deiridh le comhaltas aonair.

6. SEIRBHÍSÍ CURTHA AR FÁIL AG AN INIÚCHÓIR NEAMHSPLÉACH

Dála a lán gnóthas eile ar chóimhéid agus den chineál céanna, cuidíonn ár n-iniúcháir linn na ráitis airgeadais a ullmhú, tuairisceáin bhliantúla a ullmhú agus a chur bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí agus tuairisceáin a ullmhú agus a chur faoi bhráid na n-údarás cánach.

7. GLACADH LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Ar 14 Bealtaine 2015 d'fhaomh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d'údaraigh siad go n-eiseofaí iad.

Ráiteas Sreabhadh Airgid
Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2014

	2014 €	2013 €
(EIS)/INSREABHADH GLAN AIRGID THIRIM Ó GHNÍOMHACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN	(48,452)	77,875
(Laghdú)/méadú ar airgid tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	(48,452)	77,875
ANAILÍS AR AIRGEAD AGUS AR CHOIBHÉISÍ AIRGID AGUS AR GHLUAISEACHTAÍ I RITH NA BLIANA		
Airgead sa bhanc:		
Ag tús na bliana	115,425	37,550
(Eis)/insreabhadh airgid thirim	(48,452)	77,875
Ag deireadh na bliana	66,973	115,425
RÉITEACH IDIR (EASNAMH) NA BLIANA AGUS SREABHADH AIRGID THIRIM Ó GNÍOMHACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN		
Farasbarr/(easnamh) na bliana	35,414	(4,004)
(Méadú)/laghdú ar fhéichiúnaithe	(68,248)	84,553
(Laghdú) ar chreidiúnaithe	(15,618)	(2,674)
	(48,452)	77,875

Cuntas Oibriúcháin Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2014

	2014 €	2013 €
Ioncam		
Deontais – Foras na Gaeilge	553,223	396,240
– World Wide Global Schools	3,000	-
Ballraíocht	5,820	7,082
Fógraíocht/seastáin - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	5,630	7,560
Táillí - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	7,912	9,532
Nuachtlitir	-	650
	575,585	421,064
Caiteachas		
Tuarastail agus Prémheanna Pinsin	271,130	259,342
Taisteal agus Cothabháil	37,488	24,545
Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	21,265	23,296
Cíos	28,884	23,434
Árachas	923	1,100
Costais Oifige	30,848	20,653
Trealamh	24,492	-
Táillí Bainc	647	428
Táillí Proifisiúnta	13,057	5,364
Táillí Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta	2,275	2,460
Deontais - Bunú agus Cabhrú Scoileanna	24,448	13,186
Scléip	7,042	14,328
Imeachtaí Idir scoileanna	37,001	27,429
Foilseacháin/ Poiblíocht	26,795	6,589
Earcaíocht, Oiliúint	13,879	-
Próiseas Pleanála	6,671	-
Cúrsaí Forbairt Ghairmiúil Scoileanna	(1,069)	-
Polasaí Gaeilge Iarbhunscoile	(4,355)	-
Scéim Phóilótach Aistriú le Forbairt Naíonra Teoranta	(1,250)	-
Costais an LRC	-	2,914
	540,171	425,068
Farasbarr/(easnamh) na bliana	35,414	(4,004)

Cuntas Oibriúcháin Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2014

	2014 €	2013 €
Cuntas 1		
Ioncam		
Deontais – Foras na Gaeilge	553,223	396,240
– World Wide Global Schools	3,000	-
Fógraíocht/seastáin - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	5,630	7,560
Táillí - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	7,912	9,532
Nuachtlitir	-	650
	569,765	413,982
Caiteachas		
Tuarastail agus Prémheanna Pinsin	271,130	259,342
Taisteal agus Cothabháil	37,488	24,545
Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	21,265	23,296
Cíos	28,884	23,434
Árachas	923	1,100
Costais Oifige	30,848	20,653
Trealamh	24,492	-
Táillí Bainc	647	428
Táillí Proifisiúnta	13,057	5,364
Táillí Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta	2,275	2,460
Deontais - Bunú agus Cabhrú Scoileanna	24,448	13,186
Scléip	7,042	14,328
Imeachtaí Idirscoileanna	37,001	27,429
Foilseacháin/ Poiblíocht	26,795	6,589
Earcaíocht, Oiliúint	13,879	-
Próiseas Pleanála	6,671	-
Cúrsaí Forbairt Ghairmiúil Scoileanna	(1,069)	-
Polasaí Gaeilge Iarbhunskoile	(4,355)	-
Scéim Fhíolótach Aistriú le Forbairt Naíonra Teoranta	(1,250)	-
	540,171	422,154
Farasbarr/(easnamh) na bliana –cuntas 1	29,594	(8,172)

	2014 €	2013 €
Cuntas 2		
Ioncam		
Ballraíocht	5,820	7,082
Caiteachas		
Costais an LRC	-	2,914
Farasbarr na bliana –cuntas 2	5,820	4,168
Farasbarr/(easnamh) na bliana - iomlán	35,414	(4,004)

Nótaí

